An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

Teideal an Bheartais:

An Beartas maidir le hÁbhair Imní

Rannóg	Comhlíonadh agus Forfheidhmiú
Uimh. Beartais	CE POL 8.2.1 003
Uimh. Leasaithe	001
Údar	Tom Malone
Dáta	18 Aibreán 2018
Formheasta ag	An tÚdarás Rialála Carthanas
Éifeachtach ón	18 Aibreán 2018
Dáta Leasaithe	18 Aibreán 2019
Leathanaigh	11

Beartas Corparáideach agus Nósanna Imeachta Corparáideacha

1.0 Cúlra – Cé sinne agus cad a dhéanaimid

Bunaíodh an Rialálaí Carthanas mar Údarás neamhspleách ar bhonn reachtúil i mí Dheireadh Fómhair 2014 de réir an Achta Carthanas 2009. Tá an Rialálaí Carthanas freagrach as gach carthanas a dhéanann gníomhaíochtaí i bPoblacht na hÉireann a chlárú agus a rialáil.

Ár Misean:

'An earnáil carthanas a rialáil chun leas an phobail d'fhonn comhlíonadh an dlí a chinntiú agus d'fhonn tacú leis an dea-chleachtas i rialachas, i mbainistíocht agus i riarachán carthanas'.

Ár Luachanna:



Ár bhFeidhmeanna:

- Iontaoibh agus muinín an phobail as bainistiú agus riaradh iontaobhas carthanúil agus eagraíochtaí carthanúla a mhéadú.
- Comhlíonadh a ndualgas ag iontaobhaithe carthanas a chur chun cinn i rialú agus bainistiú iontaobhas carthanúil agus eagraíochtaí carthanúla.
- Úsáid éifeachtach maoine iontaobhas carthanúil nó eagraíochtaí carthanúla a chur chun cinn.
- Cuntasacht eagraíochtaí carthanúla do dheontóirí agus do thairbhithe bronntanas carthanúil, agus don phobal, a chinntiú.

- Tuiscint a chur chun cinn ar an gceanglas gur chun leas an phobail a bheidh aidhmeanna carthanúla.
- Clár d'eagraíochtaí carthanúla a bhunú agus a chothabháil.
- Comhlíonadh an Achta Carthanas 2009 ag eagraíochtaí carthanúla a chinntiú, agus faireachán a dhéanamh ar an gcéanna.
- Imscrúduithe a dhéanamh de réir an Achta Carthanas 2009.
- Feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú trí fhaisnéis nó comhairle a sholáthar, lena n-áirítear go háirithe ar mhodh treoirlínte, cód cleachtais agus doiciméad bunreachtúil eiseamláireach a eisiúint (nó, de réir mar is cuí leis, a cheadú).
- Cibé gníomhaíochtaí a sheoladh nó cibé faisnéis (lena náirítear faisnéis staidrimh) a fhoilsiú a bhaineann le heagraíochtaí carthanúla agus iontaobhais charthanúla agus is cuí leis.
- Faisnéis (lena n-áirítear faisnéis staidrimh) nó comhairle a sholáthar don Aire, nó tograí a chur faoina bhráid nó faoina bráid, maidir le hábhair a bhaineann le feidhmeanna an Rialálaí.

2.0 Ráiteas Beartais

Eagraíochtaí neamhspleácha is ea carthanais. Is iad iontaobhaithe carthanais a reáchtálann iad. Imríonn siad ról ríthábhachtach inár sochaí agus gníomhaíonn siad chun leas an phobail ar bhealaí éagsúla do phobail in Éirinn agus ar fud an domhain. Uaireanta, bíonn ábhair imní ag daoine faoi ghné éigin de charthanas agus bíonn siad ag iarraidh a fháil amach cé na húdaráis ar cheart dóibh na hábhair imní sin a chur in iúl dóibh. Leagtar amach sa bheartas seo conas a dhéileálfaimid de ghnáth le hábhair imní a tharraingítear anuas faoi charthanais.

3.0 Ról an Rialálaí Carthanas

Ceann de phríomhfheidhmeanna an Rialálaí Carthanas is ea faireachán a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil eagraíochtaí carthanúla ag comhlíonadh fhorálacha na reachtaíochta carthanas, go háirithe an tAcht Carthanas 2009, agus comhlíonadh na bhforálacha sin a chinntiú. Sa bheartas seo, mínítear an ról sin agus conas a chomhlíonaimid an ról sa chleachtas.

Mínítear na nithe seo a leanas sa bheartas seo:

- Na hábhair imní ar féidir linn déileáil leo agus na hábhair imní nach féidir linn déileáil leo;
- Conas is féidir ábhar imní a chur in iúl faoi charthanas;
- Conas a dhéileálfaimid le hábhair imní faoi charthanais;
- Na nithe a tharlóidh má chuireann tú ábhar imní faoi charthanas in iúl dúinn;
- Na nithe a tharlóidh má chuirtear ábhar imní in iúl faoi do charthanas;
- Nithe atá le cur san áireamh le linn duit faisnéis a sholáthar don Rialálaí; agus
- Conas a thagaimid ar chinneadh.

Is chun leas an phobail i gcoitinne a ghníomhaíonn an Rialálaí, agus ní thar ceann aon duine aonair den phobal ná thar ceann aon ghrúpa ar leith. Feidhmímid de réir ár luachanna luaite - neamhspleáchas, cothroime agus comhréireacht ina measc.

Is é is aidhm don bheartas seo a mhíniú conas a dhéileálann an Rialálaí Carthanas le hábhair imní. Níl sé ina ráiteas críochnúil, agus níl sé deartha chun a bheith ina ráiteas críochnúil, ar an dlí sa réimse seo. Mar sin, moltar do charthanais comhairle dlí neamhspleách a fháil maidir leis na saincheisteanna a bpléitear leo sa bheartas seo.

4.0 Na hábhair imní ar féidir linn déileáil leo

I gcás go dtarraingítear saincheist anuas maidir le carthanas nó maidir le haon eagraíocht eile[1], díreoidh an Rialálaí Carthanas go príomha ar a fháil amach cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh aon sárú ar an dlí carthanas.

Mar shampla:

- I gcás go bhfuil riosca ann go bhfulaingeoidh carthanas, a shócmhainní nó a thairbhithe caillteanas suntasach nó go ndéanfar damáiste suntasach dóibh;
- I gcás go ndéanann iontaobhaithe carthanais sárú dualgais;
- I gcás go bhfuil daoine atá i gceannas ar charthanas ciontach i mí-iompar tromchúiseach nó leanúnach;
- I gcás go mainníonn carthanas an ceanglas dlíthiúil chun cáiliú mar charthanas a chomhlíonadh (i.e. (1) cuspóir carthanúil a bheith aige agus (2) gníomhú chun leas an phobail);
- I gcás go bhféadfadh go mbeadh comhlacht ag cur i gcéill gur carthanas in Éirinn é nuair nach carthanas é ar chor ar bith.

5.0 Ábhair nach ndéileálaimid leo de ghnáth

- Ábhair nach mbaineann leis an dlí carthanas. Mar shampla, saincheisteanna conartha fostaíochta;
- Gearáin a bhaineann le seirbhísí a soláthraíonn carthanas iad, ar gearáin iad ba cheart a thuairisciú go díreach don charthanas lena mbaineann;
- Díospóidí idir iontaobhaithe carthanais. Mar shampla, díospóidí a bhaineann le cinnteoireacht amháin. Ba cheart díospóidí den sórt sin a réiteach ar bhonn inmheánach nó le tacaíocht ghairmiúil trí eadránaí nó ar shlí eile;
- Iarrataí ar rialú a dhéanamh in aghaidh cinneadh ó iontaobhaithe carthanais, ar cinneadh é atá bailí agus a bhfuil sé de chumhacht ag na hiontaobhaithe é a dhéanamh;
- Saincheisteanna a thagann go príomha faoi shainchúram rialálaithe eile.

[1] Imríonn an Rialálaí Carthanas ról maidir lena chinntiú go gcomhlíonfaidh eagraíochtaí nach eagraíochtaí carthanúla iad forálacha áirithe den Acht Carthanas 2009. Chun an beartas seo a choinneáil gairid, is le hábhair imní faoi charthanais a bhaineann formhór na dtagairtí d'ábhair imní sa doiciméad seo. Mar sin féin, i gcás go gcuirtear ábhar imní in iúl dúinn á líomhnú go bhféadfadh gur sháraigh eagraíocht nach carthanas í an tAcht Carthanas 2009, ba cheart a thabhairt faoi deara gur de réir an bheartais seo a dhéileálfar leis an ábhar imní sin.

6.0 Conas is féidir ábhar imní a chur in iúl faoi charthanas

Má tá ábhar imní agat faoi charthanas, ba cheart duit breithniú a dhéanamh ar an ábhar imní sin a chur in iúl don charthanas é féin ar an gcéad ásc. Ina lán cásanna, tabharfaidh sé sin deis do na hiontaobhaithe carthanais an t-ábhar imní a réiteach. Go háirithe, molaimid go gcuirfí ábhair imní a bhaineann le cruinniú airgid in iúl don charthanas ar an gcéad ásc.

Más rud é nach bhfuil tú in ann an t-ábhar imní a chur in iúl don charthanas, nó gur chuir tú an t-ábhar imní in iúl dó agus nach ndearna sé aon ghníomh ina leith, ba cheart duit na comhlachtaí is cuí ar féidir leat an t-ábhar imní a chur in iúl dóibh a shainaithint.

Dá mba mhaith leat ábhar imní a chur in iúl dúinn, ba cheart duit ár bhfoirm ábhar imní ar líne a chomhlánú.

6.1 Ábhair imní a chuirtear in iúl trí Thríú Páirtithe

I gcás go gcuirtear ábhar imní in iúl faoi charthanas, d'fhéadfadh gur ghá don Rialálaí Carthanas tuilleadh faisnéise nó soiléirithe a lorg maidir le sonraí an ábhair imní. Beidh sé níos éasca dó déanamh amhlaidh i gcás go bhfuil duine ann ar féidir leis an Rialálaí dul i dteagmháil go díreach leis/léi.

Ní dhéileálfaimid de ghnáth le haon ábhar imní atá ag duine aonair a chuirtear in iúl trí thríú páirtí, ach amháin i gcás go bhfuil cúis bhailí riachtanach ann le déanamh amhlaidh. I gcás go gcuireann tríú páirtí ábhar imní in iúl dúinn thar ceann duine aonair eile, d'fhéadfadh go n-iarrfaimis sonraí teagmhála an duine aonair ar thar a c(h)eann atá an tríú páirtí ag gníomhú.

6.2 Ábhair Imní gan Ainm

Cé go nglacfaidh an Rialálaí Carthanas le hábhair imní gan ainm, d'fhéadfadh go mbeadh sé doiligh dúinn faisnéis den sórt sin a fhiosrú nó freagairt go héifeachtach di, toisc nach féidir linn sna cásanna sin tuilleadh faisnéise nó soiléirithe a fháil ar shonraí a theastaíonn chun an t-ábhar imní a chur ar aghaidh.

7.0 Conas a dhéileálfaimid le hábhair imní faoi charthanais

Glacaimid cur chuige fianaiseach, rioscabhunaithe agus comhréireach i leith carthanais a rialáil. Ciallaíonn sé sin go ndírímid ár gcabhair agus ár n-acmhainní ar na réimsí lena mbaineann an riosca is mó agus ar na réimsí a measaimid go mbeidh an tionchar is mó ag ár n-idirghabháil orthu.

I gcás gur tugadh sonraí teagmhála dúinn, admhóimid go bhfuarthas ábhair imní a luaithe is féidir agus laistigh de 10 lá oibre ar a laghad ón ábhar imní a fháil.

Déanaimid measúnú ar ábhair imní chun na nithe seo a leanas a fháil amach:

- Cé acu atá nó nach bhfuil sé de chumhacht dhlíthiúil againn gníomh a dhéanamh sna cúinsí ar leith lena mbaineann;
- Cé acu atá nó nach bhfuil riosca ann:
    - do shócmhainní an charthanais (lena n-áirítear an cháil atá air) agus/nó do thairbhithe an charthanais;
    - go mbainfear mí-úsáid as stádas carthanúil; agus
    - don earnáil carthanas.
- Cé acu ba cheart nó nár cheart do rialálaí eile, do chigireacht eile nó do chomhlacht poiblí eile déileáil leis an ábhar imní;
- An leibhéal gníomhaíochta ón Rialálaí a theastaíonn.

D'fhéadfadh go ndéanfaimis fiosrúcháin chúlra chun a chinntiú gur ceart agus inchreidte atá aon fhaisnéis a soláthraíodh dúinn. D'fhéadfadh go ndéanfaimis teagmháil le carthanais, le heagraíochtaí nó le daoine eile, de réir mar is cuí, mar chuid den obair sin.

Ní ghníomhóimid de bhun líomhaintí, ráflaí ná tuairimí nach bhfuil aon bhunús leo. Dá ngníomhófaí ar an mbealach sin, bheifí ag déanamh éagóir ar an gcarthanas, ar a ghníomhaíochtaí agus ar a thairbhithe.

I gcás go bhfuil amhras orainn go ndearnadh cion, soláthróimid faisnéis don Gharda Síochána agus do chomhlachtaí ábhartha eile faoi sin, de réir mar is cuí.

Cuirfimid ár ngníomhartha in ord tosaíochta chun a chinntiú go mbainfear an chuid is fearr as ár n-acmhainní.

8.0 Na nithe a tharlóidh má chuireann tú ábhar imní faoi charthanas in iúl dúinn

Féachaimid lenár bhfiosrúcháin a chur i gcrích a luaithe is féidir. Mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeadh fiosrúcháin áirithe casta agus go mbeadh ionchur óna lán foinsí difriúla ag teastáil ina leith. D'fhéadfadh gur ghá caingean dlí a thionscnamh os comhair na gCúirteanna freisin.

Ní gnách go gcuirfear d'aitheantas in iúl don charthanas lena mbaineann gan cead a fháil uait ar dtús.

Mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeadh cúinsí ann ina gceanglófar orainn d'aitheantas a thabhairt, mar shampla, i gcás go gceanglóidh Cúirt orainn é sin a dhéanamh. Fiú amháin i gcúinsí nach sainaithneofar thú iontu, d'fhéadfadh go mbeadh d'aitheantas soiléir don charthanas mar gheall ar chineál na saincheiste a tarraingíodh anuas. Is faoin Rialálaí Carthanas atá sé a chinneadh cé na cásanna a bhfuil sé chun leas an phobail iad a shaothrú; ní ghníomhaímid thar ceann daoine aonair ná eagraíochtaí a chuireann ábhair imní in iúl dúinn. Ní dhéanaimid trácht agus ní thugaimid sonraí faoi fhiosrúcháin agus iad ar siúl ach oiread, toisc go bhféadfadh sé sin dochar a dhéanamh don charthanas nó dár gcuid oibre.

Nuair a bheidh ár bhfiosrúcháin thart, is i dtéarmaí ginearálta a thabharfaimid fógra duit faoin toradh. I bhformhór na gcásanna, ní thabharfaimid fionnachtana mionsonraithe duit faoi gach saincheist ar leith. Is cinneadh críochnaitheach é an cinneadh ón Rialálaí Carthanas.

I gcúinsí ina gcuireann tú ábhar imní in iúl dúinn – ar ábhar imní é a bhaineann le d'idirghníomhaíocht shonrach le carthanas – agus ina dtugann tú d'ainm dúinn, d'fhéadfadh, chun an tsaincheist a chuir tú in iúl a scrúdú, gur ghá dúinn d'ainm agus na sonraí faoi d'idirghníomhaíocht leis an gcarthanas a thabhairt don charthanas lena mbaineann. Sna cúinsí sin, gheobhaimid cead uait chun tagairt a dhéanamh do do shonraí pearsanta agus teagmháil á déanamh againn leis an gcarthanas. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, sna cásanna sin, nach thar do cheannsa atáimid ag gníomhú. Ina ionad sin, táimid ag baint úsáid as an ábhar imní a chuir tú in iúl faoi charthanas chun a mheas cé acu atá nó nach bhfuil an carthanas ag oibriú i gcomhréir leis an dlí carthanas.

8.1 Ábhair imní atá cráiteach

Forchoimeádann an Rialálaí Carthanas an ceart chun gan déileáil le duine nó le grúpa ar ábhair imní a mheasann sé a bheith cráiteach nó i gcás, tar éis an próiseas ábhar imní a chríochnú, go bhfuil an duine nó an grúpa liosta go neamhréasúnach ina c(h)uid teagmhála lenár bhfoireann um chomhlíonadh.

9.0 Na nithe a tharlóidh má chuirtear ábhar imní in iúl faoi do charthanas

Tá an Rialálaí Carthanas ag súil leis go gcomhlíonfaidh gach carthanas an dlí carthanas. Tacóimid le carthanais trína n-aird a dhíriú ar threoir, lena n-áirítear doiciméid arna bhfoilsiú de bhun alt 14(1) den Acht Carthanas 2009 ar mhaithe le feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú, e.g. na Treoirlínte d'Eagraíochtaí Carthanúla maidir le Cruinniú Airgid ón bPobal. Mar sin féin, is ar iontaobhaithe carthanais atá an fhreagracht deiridh as a gcarthanas a rialú agus a bhainistiú ar bhealach a thugann cosaint do cháil a gcarthanais agus a spreagann iontaoibh agus muinín an phobail as a gcarthanas.

Déantar measúnú ar gach ábhar imní a fhaightear agus rátáiltear an riosca a bhaineann leo. D'fhéadfadh go measfaí ina dhiaidh sin go bhfuil ábhair imní áirithe lasmuigh dár raon feidhme. Tarchuirfear na hábhair imní sin chuig rialálaithe eile nuair is cuí.

I bhformhór na gcásanna, déanfaimid teagmháil leat a luaithe a chinntear gurb amhlaidh, bunaithe ar an ábhar imní a cuireadh in iúl maidir le do charthanas, gur fiú fiosrúchán a dhéanamh ar an ábhar ó thaobh an dlí carthanas de.

Ní hionann teagmháil a dhéanamh le do charthanas is a rá go n-aontaímid leis an ábhar imní a cuireadh in iúl ná go bhfuil an carthanas ciontach in aon éagóir. Míneoimid duit i dtéarmaí ginearálta cad atá i gceist leis an ábhar imní lena mbaineann agus iarrfaimid ort faisnéis a sholáthar dúinn ionas gur féidir linn tuiscint níos fearr a ghnóthú ar ghnáthoibríochtaí do charthanais agus ar na saincheisteanna ar leith a cuireadh in iúl dúinn.

Agus cumarsáid á déanamh againn le do charthanas, déanfaimid teagmháil leis na hiontaobhaithe carthanais ar dtús. I gcás gur tugadh fógra dúinn gur treoraíodh d'aturnae gníomhú thar ceann an charthanais, seolfaimid ár gcomhfhreagras chuig an duine sin. Déileálfaimid le ball d'fhoireann an charthanais freisin i gcás go bhfuarthas deimhniú gur ainmnigh na hiontaobhaithe carthanais an duine sin chun déileáil linn thar a gceann. D'fhéadfadh go mbeadh cásanna ann, áfach, inar gá dúinn teagmháil dhíreach a dhéanamh le hiontaobhaithe carthanais. I gcásanna den sórt sin, tabharfaimid cóip dár gcomhfhreagras don aturnae/don bhall foirne ainmnithe atá ag gníomhú thar ceann an charthanais, de réir mar is cuí.

Le linn dúinn fiosrúcháin a dhéanamh, d'fhéadfadh go n-iarrfaimis ar aon iontaobhaí de chuid an charthanais nó ar aon duine a bhfuil baint aige/aici leis an gcarthanas faisnéis a sholáthar dúinn. D'fhéadfadh go mbeadh cruinnithe aghaidh ar aghaidh i gceist leis sin.

Ní dhéanfaimid aitheantas an duine/na ndaoine a chuir ábhair imní in iúl dúinn a nochtadh do do charthanas ach amháin i gcás gur tugadh cead dúinn é sin a dhéanamh nó i gcás go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil orainn é sin a dhéanamh. Déanaimid amhlaidh toisc go bhfuil sé tábhachtach gur féidir le daoine ábhair imní faoi charthanais a chur in iúl dúinn i modh rúin.

Le linn ár bhfiosrúchán, déanfaimid gach beart réasúnach chun cur isteach ar obair agus ar cháil do charthanais agus ar obair do bhall foirne, d'oibrithe deonacha agus d'iontaobhaithe a íoslaghdú. Aithnímid, áfach, go bhféadfadh go ndéanfadh sé sin difear do reáchtáil laethúil an charthanais, go háirithe i gcásanna inar gá dúinn leas a bhaint as na cumhachtaí foirmiúla atá againn.

10.0 Faisnéis a sholáthar don Rialálaí Carthanas

Le linn dúinn fiosrúcháin a dhéanamh, d'fhéadfadh go mbaileoimis faisnéis ón duine a chuir an t-ábhar imní in iúl ar dtús, ón gcarthanas lena mbaineann nó ó thríú páirtithe ábhartha eile. Is cion é do dhuine ráiteas bréagach a dhéanamh go feasach don Rialálaí Carthanas go ndearnadh cion faoin Acht Carthanas 2009 nó go bhfuil cion á dhéanamh faoin Acht nó nár comhlíonadh foráil den Acht Carthanas 2009 nó nach bhfuil foráil den Acht á comhlíonadh.

Leis an dlí carthanas, tugtar de chumhacht dúinn aon fhaisnéis a fháil go foirmiúil i gcás go meastar go bhfuil an fhaisnéis sin riachtanach chun críocha ár bhfiosrúchán. Féadfar do charthanas a dhíchlárú i gcás go mainníonn sé iarraidh reachtúil ar fhaisnéis a chomhlíonadh.

11.0 Conas a thagaimid ar chinneadh

Agus cinneadh á dhéanamh againn, déanfaimid an fhaisnéis ar fad a ghnóthaíomar le linn ár bhfiosrúchán a chur sa mheá agus breithneoimid aon riosca leanúnach atá ann don charthanas, lena n-áirítear a shócmhainní agus a thairbhithe.

I gcás go sainaithnítear neamhchomhlíonadh nó díobháil do charthanas, breithneoimid cé acu a rinne nó nach ndearna na hiontaobhaithe carthanais aon ghníomhartha go hiomrallach nó d'aon ghnó. Breithneoimid freisin aon ghníomh ceartaitheach a rinneadh cheana féin agus rúin na n-iontaobhaithe carthanais as seo amach.

Cinnfimid cé acu is gá nó nach gá dúinn aon ghníomh a dhéanamh maidir leis na cumhachtaí foirmiúla atá againn a fheidhmiú nó cé acu atá nó nach bhfuil sé níos cuí agus níos comhréirí tacaíocht a thabhairt do na hiontaobhaithe carthanais, ar tacaíocht í a d'fhéadfaí a thabhairt i bhfoirm moltaí go ndéanfadh an carthanas gníomh sonrach. I gcás go molfaimid do charthanas gníomh sonrach nó gníomhartha sonracha a dhéanamh, rachaimid i dteagmháil leis an gcarthanas de réir mar is cuí ina dhiaidh sin chun a chinntiú go ndearnadh an gníomh nó na gníomhartha sin.

Ní bhíonn sé mar aidhm againn in aon chás go ndúnfaí carthanas mar gheall ar ár bhfiosrúcháin, ach d'fhéadfadh go dtarlódh sé sin uaireanta ar chúiseanna eile - mar shampla, i gcás go bhfuil an carthanas i gcruachás airgeadais.

D'fhéadfadh go gcinnfimis i gcásanna áirithe nach bhfuil sé comhréireach nó riachtanach dúinn ábhar maidir le carthanas a imscrúdú tuilleadh. I gcásanna den sórt sin, coinneoimid an fhaisnéis ar taifead agus d'fhéadfadh go dtabharfaimis aird uirthi an athuair amach anseo i gcás go bhfaightear ábhar imní eile faoin gcarthanas céanna.

I gcásanna áirithe – mar shampla, i gcás go bhfeidhmímid na cumhachtaí foirmiúla atá againn nó i gcás go measaimid go bhfuil sé chun leas an phobail déanamh amhlaidh – foilseoimid tuarascáil ar ár suíomh Gréasáin ina míneofar na heachtraí a tharla agus na gníomhartha a rinneadh sa chás lena mbaineann.

12.0 Tuairisc Bhliantúil a Thabhairt ar Ábhair Imní

Foilseoidh an Rialálaí Carthanas faisnéis staidrimh agus faisnéis eile maidir le hábhair imní a fuarthas. D'fhéadfadh go ndéanfadh an Rialálaí Carthanas faisnéis staidrimh a chomhroinnt le tríú páirtithe ó am go ham freisin.

13.0 Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise

Déanfar an fhaisnéis phearsanta ar fad i dtaca le haon ábhar imní arna fáil ag an Rialálaí Carthanas a stóráil de réir an Achta um Chosaint Sonraí, 2003, agus an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014.

Ní úsáidfear faisnéis phearsanta a chuirtear ar fáil don Rialálaí Carthanas ach amháin chun na críche a cuireadh ar fáil í agus ní chomhroinnfear í le tríú páirtithe seachas i gcás go gceadaítear é sin nó go gceanglaítear leis an dlí é sin. Féadfaidh an Rialálaí Carthanas do shonraí pearsanta a úsáid chun críocha staidrimh tar éis d'ainm a bhaint díobh.

14.0 Cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas

Má tharlaíonn sé, de bharr deacrachta, go dteastaíonn cúnamh ó dhuine chun ábhar imní a chur in iúl don Rialálaí Carthanas, beidh sé/sí in ann teagmháil a dhéanamh lenár nOifigeach Rochtana, a dhéanfaidh iarracht cúnamh a thabhairt dó/di.

15.0 Athbhreithniú Beartais

Déanfaidh an Ceann um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú athbhreithniú rialta ar an mBeartas seo agus na foirmeacha a ghabhann leis agus faoi dháta athbhreithnithe sonraithe an Bheartais i gcás ar bith.

16.0 Oiliúint Foirne

Cuirfidh an Rialálaí Carthanas ar chumas ball foirne tiomnaithe déileáil le hábhair imní agus cuirfidh sé oiliúint orthu i ndéanamh amhlaidh.

17.0 Stair Leasaithe

Uimhir Leasaithe	Dáta Athbhreithnithe	Cúis leis an nuashonrú
000	23 Feabhra 2017	D'fhormheas Bord an Údaráis an beartas
001	22 Feabhra 2018	D'fhormheas an tÚdarás an beartas lena ghlacadh tar éis moladh a fháil ón gCoiste Rialála agus Rialachais

An Rialálaí Carthanas
3 Duga Sheoirse
An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta
Baile Átha Cliath 1
D01 X5X0

Teil.: 01 633 1500
www.charitiesregulator.ie
© An Rialálaí Carthanas 2018

An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator